Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025 (OR. en)**

**15977/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0229(NLE)**

**RECH 523**
**COMPET 1238**
**IND 548**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15911/25 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11675/25 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 8-9 Nollaig 2025*<br>Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 a mhéid a bhaineann le EuroHPC<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Iúil 2025, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1] le haghaidh Rialachán ón gComhairle chuig an gComhairle.

[1] 11675/25.

2. Is é is cuspóir don Rialachán seo raon feidhme Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle, lenar seoladh an tionscnamh um Monarchana IS, a leathnú chun cuspóir an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh (EuroHPC) a leathnú maidir le Gigeamhonarchana IS a fhorbairt agus a oibriú san Eoraip agus teicneolaíochtaí candamacha a áireamh. Cuireann an leasú seo le coincheap na Monarchana IS agus tugtar go dtí an chéad leibhéal eile é: Beidh cumhacht ollmhór ríomhaireachta á comhtháthú ag Gigeamhonarchana IS (e.g., níos mó ná 100,000 slis ardfhorbartha IS i gcomparáid le 25,000 sna sár-ríomhairí is mó de chuid na Monarchana IS), mar aon le lárionaid sonraí atá tíosach ar fhuinneamh, agus uathoibriú faoi thionchar IS. I bhfianaise an mhéid ollmhór infheistíochta is gá chun Gigeamhonarchana IS a thógáil agus a oibriú (a mheastar go táscach a bheith ar leibhéal EUR 3-5 bhilliún in aghaidh na Gigeamhonarchana IS), tá gá le cur chuige níos tionsclaíche agus níos dírithe ar an margadh chun iad a bhunú, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí idir rannpháirtithe leasmhara tionscail agus an tAontas agus na Ballstáit, chomh maith le Stáit Rannpháirteacha EuroHPC eile. Maidir le teicneolaíochtaí candamacha, baineann sé sin leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi láthair le Braisle 4 sa chlár Fís Eorpach a aistriú chuig EuroHPC, mar gheall ar an idirghaol láidir idir ríomhaireacht chandamach agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus chun cur chuige níos comhleanúnaí a chumasú maidir le gníomhaíochtaí candamacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

3. An 4 Meán Fómhair 2025, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 18 Meán Fómhair 2025[2].

I bParlaimint na hEorpa, cuireadh an togra faoi bhráid an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) a cheap Borys BUDKA (PPE, PL) mar Rapóirtéir. Vótáil an Coiste ar a thuarascáil ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Samhain 2025. Táthar ag súil go vótálfaidh Parlaimint na hEorpa ar a tuarascáil ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 15 Nollaig 2025.

[2] 13752/25.

## III. STAID NA hIMEARTHA

4. Thosaigh an Mheitheal um Thaighde ag scrúdú an togra an 24 Iúil 2025 faoi Uachtaránacht na Danmhairge. Bhuail an Mheitheal le chéile 6 huaire ar an iomlán chun an togra a phlé: an 24 Iúil, an 1 Meán Fómhair, an 25 Meán Fómhair, an 27 Deireadh Fómhair, an 20 agus an 27 Samhain.

5. Chuir an Uachtaránacht roinnt téacsanna comhréitigh faoi bhráid na Meithle um Thaighde; scrúdaigh an Mheitheal iad go mion. Ag an gcruinniú deireanach a bhí aici an 27 Samhain 2025, thacaigh an Mheitheal den chuid is mó leis an téacs comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht, agus d'iarr roinnt toscaireachtaí coigeartuithe teicniúla. Tar éis an chruinnithe sin, chuaigh an Uachtaránacht i gcomhairle leis na toscaireachtaí maidir le téacs athbhreithnithe ón Uachtaránacht bunaithe ar an bplé is déanaí laistigh den Mheitheal. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne an téacs sin ón Uachtaránacht.

6. Mar thoradh ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal um Thaighde, rinneadh na príomhathruithe seo a leanas i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún:

   – rinneadh na rialacha soláthair a choigeartú chun Rialachán Airgeadais an Aontais a chomhlíonadh. Tá an cur chuige nua bunaithe ar an gcleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le bonneagar EuroHPC agus monarchana IS. Leis an gcur chuige sin, déantar foráil maidir le Comhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach (CSC) idir an Comhghnóthas agus an Ballstát chun am ríomhaireachta a sholáthar i gcomhpháirt le húdarás conarthach amháin nó níos mó ó na Ballstáit (agus, i gcás inarb infheidhme, ó Stáit Rannpháirteacha) ó Ghigeamhonarcha IS roghnaithe. Is é an CSC seo an bonn ar a seoltar an Glao ar Léiriú Spéise ansin (aithris (11a) agus Airteagal 12b (3))

   – cuireadh coimircí níos láidre isteach d'fhonn imfhálú a dhéanamh ar an mbuiséad de EUR 160 milliún a aistríodh ó na cistí sin de chuid Bhraisle 4 de chuid Fís Eorpach atá tiomnaithe do T & N candamach chuig gníomhaíochtaí indíreacha T & N maidir le teicneolaíochtaí candamacha suas go dtí LUT 5 i gClár Oibre deireanach Chomhghnóthas EuroHPC (aithris (10a) agus Airteagail 5(1a) agus 34) atá le cistiú ag na rátaí céanna agus atá sa chlár Fís Eorpach

– rinneadh soiléiriú breise ar na coinníollacha maidir le húsáid na leithdháiltí atá fágtha faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) nó faoi chistí réigiúnacha agus struchtúracha eile chun infheistíocht a dhéanamh i nGigeamhonarchana IS nó i ngníomhaíochtaí eile de chuid Chomhghnóthas EuroHPC, le tacaíocht ón Aontas nó dá huireasa. Soláthraítear faisnéis mhionsonraithe, i measc nithe eile, maidir leis an bpróiseas chun spriocdháta STA Lúnasa 2026 a chomhlíonadh agus maidir le húsáid cistí ó chláir arna gcómhaoiniú ag cistí Struchtúracha agus Réigiúnacha (aithrisí 12, 12a, 12aa, 12b, 12c agus 12d agus Airteagal 12b(6), (6a), (6b), (6c) agus (6d))

– i gcásanna ina mbeidh an ranníocaíocht ón Aontas i bhfoirm ceannach ráthaithe réamhaontaithe aga rochtana ar Ghigeamhonarcha IS, sonraíodh gur cheart luach an aga rochtana sin a bheith comhfhreagrach suas go dtí an 17 % de chaiteachas caipitiúil bhonneagar ríomhaireachta foriomlán na Gigeamhonarchan IS. Cuirtear san áireamh leis an bhfoirmliú sin na costais oibriúcháin a ghintear le rochtain agus seachnaítear ualach breise ar na Cuibhreannais (Airteagal 12b(4))

– ceadaítear ailtireacht níos dáilte de Ghigeamhonarchana IS trí choincheapa na nGigeamhonarchana IS ‘tír aonair-il-láithreán’ agus ‘iltír-il-láithreán’ a thabhairt isteach, agus an caveat ann nach mór méid Gigeamhonarchanan IS a bheith ag láithreán amháin (Airteagal 2 (3i) agus (3j) agus Airteagal 12b(1a) agus (4))

– rinneadh soiléiriú breise ar na coinníollacha maidir le haga rochtana a dheonú do thairbhithe éagsúla (gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna go bunúsach) agus ar fhad an aga rochtana sin (Airteagal 12b (6c), (9))

– tugadh isteach coimircí níos láidre maidir le rannpháirtíocht eintiteas ó Stáit neamh-Rannpháirteacha i gCuibhreannais Gigeamhonarchan IS, mar bhealach chun bagairtí ar shócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil agus cosaint an Aontais a chosc (Airteagal 12b(2))

– rinneadh rialacha maidir le feidhmiú an Bhoird Rialaithe a choigeartú chun a áirithiú go ndéanfar cearta vótála na Stát Rannpháirteach i gcolún Gigeamhonarchan IS a choigeartú do na cúraimí nua a shanntar don Bhord Rialaithe trí bhíthin an leasaithe seo (Airteagal 6 den Iarscríbhinn)

## IV. CONCLÚID

7. Is pacáiste foriomlán cothrom é an togra comhréitigh arna sholáthar ag an Uachtaránacht lenar cheart an Chomhairle a bheith in ann cur chuige ginearálta a cheapadh. Thacaigh na toscaireachtaí leis an téacs ón Uachtaránacht.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an togra comhréitigh ón Uachtaránacht i gceangal leis an nóta seo a fhormhuiniú chun go gcuirfear faoi bhráid na Comhairle é le haghaidh cur chuige ginearálta ag an gComhairle Iomaíochais (Taighde) an 9 Nollaig 2025.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

2025/0229 (NLE)

**RIALACHÁN** AE …/… **ÓN gCOMHAIRLE**

an …

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 187 agus Airteagal 188, an chéad mhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos go háirithe maidir le forbairt, margú agus úsáid na hintleachta saorga i gcomhréir le luachanna agus reachtaíocht an Aontais.

---

[3] IO C , , lch. .
[4] IO C […], […], lch. […]

(2) Ó bhí 2021 ann, nuair a glacadh Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle, tá dul chun cinn teicniúil ollmhór déanta i réimse na hintleachta saorga (IS) agus tá sé ina réimse an-straitéiseach agus iomaíoch ar fud an domhain. Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun tacú le nuálaíocht fhreagrach san intleacht shaorga, tríd an nuálaíocht a threorú, ráillí cosanta a leagan síos, agus rialachas domhanda a fhorbairt.

(3) Tá samhlacha móra ilchuspóireacha intleachta saorga tagtha chun cinn mar spreagthóirí ríthábhachtacha don iomaíochas eacnamaíoch, don taighde eolaíoch agus don nuálaíocht. Éiríonn siad ríthábhachtach maidir le táirgiúlacht a fheabhsú ar fud earnálacha éagsúla agus slabhraí luacha iomlána a chlaochlú, agus ar an gcaoi sin gabháil luacha eacnamaíoch amach anseo a leagan síos. Tá tionscnaimh á reáchtáil ag an Aontas agus ag na Ballstáit maidir le samhlacha intleachta saorga comhpháirteacha a fhorbairt, lena n-áirítear bunsamhlacha. Leis an gcéad ghlúin eile de shamhlacha ceannródaíocha IS, meastar go gcuirfear borradh faoi chumais, i dtreo an chéad ghlúin eile den intleacht shaorga a bheidh in ann dul i ngleic le cúraimí éagsúla an-chasta. Réigiúin atá in ann na samhlacha intleachta saorga sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar scála, beidh siad ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht dhomhanda agus meallfaidh siad tallann den scoth san eolaíocht agus sa tionsclaíocht. An tráth céanna, earnálacha atá ar thús cadhnaíochta san eolaíocht agus sa tionsclaíocht, éilíonn siad acmhainní suntasacha ríomhaireachta chun tabhairt faoi fhionnachtana móra eolaíocha atá dírithe ar an intleacht shaorga agus faoi nuálaíochtaí tionsclaíocha. Bainfear leas as sineirgí idir na gníomhaíochtaí sin agus na gníomhaíochtaí a dhéantar le cláir de chuid an Aontais, mar atá Clár Spáis an Aontais agus na Spásanna Sonraí Eorpacha, agus beidh coimircí iomchuí i bhfeidhm chun leasanna straitéiseacha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.

(4) Beidh sár-ríomhairí sna Monarchana IS is forbartha san Eoraip ina mbeidh próiseálaithe úrscothacha IS, a mbeidh in ann samhlacha IS meán-raoin go príomha a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun acmhainneachtaí ríomhaireachta na hEorpa a uas-scálú go suntasach go dtí an chéad leibhéal eile.

(5) An 9 Aibreán 2025, sheol an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga[5] chun an tAontas a chur ina cheannaire domhanda san intleacht shaorga. Colún lárnach den straitéis sin is ea borradh a chur faoin mbonneagar uile-Eorpach chun ardsamhlacha intleachta saorga a oiliúint agus coincheap Mhonarchana IS 2024 á thabhairt go dtí an chéad chéim eile.

(6) Meastar go mbeidh gá le saoráidí mórscála chun an chéad ghlúin eile de shamhlacha ceannródaíocha IS a fhorbairt, ar saoráidí iad a sháraíonn trí oiread go ceithre oiread ar a laghad líon na bpróiseálaithe intleachta saorga is forbartha atá ar fáil sna Monarchana IS is cumhachtaí, agus acmhainneacht chumhachta, chomh maith le fuinneamh, éifeachtúlacht uisce agus ciorclaíocht á gcur san áireamh ag an am céanna. Níl na sásraí atá ann cheana i Rialachán 2021/1173 feistithe faoi láthair chun tacú le bunú agus oibriú Gigeamhonarchana IS. Dá bhrí sin, tá gá le leasú spriocdhírithe chun an bunús dlí is gá a sholáthar don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (‘an Comhghnóthas’) chun go mbeidh sé in ann na gealltanais a chomhlíonadh maidir le Gigeamhonarchana IS a bhunú agus a oibriú san Eoraip.

(7) Tá sé ag éirí níos tábhachtaí bunús eolaíoch agus teicneolaíoch an Aontais a neartú dá iomaíochas fadtéarmach agus dá uathriail straitéiseach, agus geilleagar oscailte á chaomhnú san Aontas ag an am céanna. Go deimhin, d’fhéadfadh an intleacht shaorga dlús a chur le fionnachtain eolaíoch agus cumais taighde a fheabhsú ar fud na réimsí uile. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, de bhreis ar thaighdeoirí, go mbainfidh úsáideoirí príobháideacha agus poiblí IS, go háirithe FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, laistigh den Aontas tairbhe as bonneagair sár-ríomhaireachta den chéad scoth chun ceannaireacht na hEorpa sa taighde agus sa nuálaíocht a chothú agus a chur chun cinn.

---

[5] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-sets-course-europes-ai-leadership-ambitious-ai-continent-action-plan

(8) I gCompás Iomaíochais an Choimisiúin Eorpaigh (an ‘Compás’), a glacadh an 29 Eanáir 2025, sainaithnítear teicneolaíochtaí straitéiseacha lena n-áirítear teicneolaíochtaí candamacha agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta mar cholúin fhíor-riachtanacha chun ceannasacht theicneolaíoch, athléimneacht eacnamaíoch agus ceannaireacht dhomhanda na hEorpa a áirithiú. Leagtar béim sa Chompás ar an ngá atá le hinfheistíochtaí comhordaithe agus le forbairt éiceachórais ar fud an taighde, an bhonneagair, na tionsclaíochta agus na scileanna chun iomaíochas an Aontais sna réimsí sin a neartú.

(9) Mar chomhlánú ar an gCompás, leagtar amach, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Iúil 2025 dar teideal *Quantum Europe Strategy*: *Quantum Europe in a Changing World* [‘Straitéis um an Eoraip Chandamach: an Eoraip Chandamach i nDomhan atá ag Athrú], creat cuimsitheach chun dlús a chur le taighde candamach, nuálaíocht, tionsclú, agus le cur in úsáid teicneolaíochtaí agus bonneagar candamach. Is é is aidhm dó éiceachóras candamach inbhuanaithe agus iomaíoch a thógáil, lena gcumhdaítear ríomhaireacht, cumarsáid, brath agus méadreolaíocht, agus béim láidir á leagan ar fhorbairt scileanna agus ar chomhar idirnáisiúnta. Tá sé d’aidhm aige freisin an bealach a réiteach chun ríomhairí candamacha Eorpacha atá lochtlamhálach a thógáil san Aontas lena n-áiritheofaí a neamhspleáchas straitéiseach.

(10) I bhfianaise an tábhacht a bhaineann leis an tionscnaimh seo ó thaobh beartais de, ba cheart na méideanna a leithdháileadh ar dtús ón gclár Fís Eorpach, ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a mhéadú chun go mbeidh an tAontas in ann a chuspóir a bhaint amach, faoi réir infhaighteacht bhuiséadach.

(10a) Ós rud é go bhfuil bunghníomhaíochtaí taighde ar Leibhéil Ullmhachta Teicneolaí (LUT) níos ísle fós fíor-riachtanach chun fionnachtana a bhaint amach i dteicneolaíochtaí candamacha ardcháilíochta, ba cheart don Chomhghnóthas gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta réamhtheachtacha suas go dtí LUT 5 arna gcistiú ag an Aontas a choinneáil ar bun ag ráta 100 % de na costais incháilithe iomlána.

(11) I bhfianaise na bhforbairtí gasta teicneolaíochta i réimse na ríomhaireachta candamaí agus na hintleachta saorga agus i bhfianaise bheartas IS an Aontais, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoiniú breise ón Aontas sna blianta amach romhainn. Maidir leis an gcomhthéacs sonrach beartais sin, ba cheart é a bheith indéanta cistiú breise ón Aontas a chur de chúram ar an gComhghnóthas a théann thar na méideanna a leagtar amach in Airteagal 5(1) ó chláir atá ann cheana. Ba cheart d’aon chomhalta amháin, nó níos mó comhaltaí, den Chomhghnóthas seachas an tAontas an ranníocaíocht bhreise sin, agus í spriocdhírithe ar Ghigeamhonarchana IS, a mheaitseáil ar a laghad.

(11a) Roghnófar Gigeamhonarchana IS bunaithe ar sholáthar comhpháirteach idir an Comhghnóthas agus údarás conarthach amháin nó níos mó ó na Stáit Rannpháirteacha. Ba cheart don Chomhghnóthas agus do na Stáit Rannpháirteacha comhaontú maidir le soláthar comhpháirteah a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear príomhghnéithe uile an ghlao ar léiriú spéise ina dhiaidh sin agus an gealltanas ó na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt dá sciar den Ghigeamhonarcha IS arna roghnú le haghaidh cistiú i gcríoch an Bhallstáit sin tar éis thoradh an phróisis roghnúcháin arna dhéanamh ag an gComhghnóthas. Ba cheart gealltanas na mBallstát a léiriú don Chomhghnóthas sula seolfar an glao ar léiriú spéise.

(12) Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige tacú le bunú agus úsáid Ghigeamhonarcha IS, féadfaidh sé cuid den ranníocaíocht airgeadais a fhaigheann sé faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], a leithdháileadh chun a ranníocaíocht airgeadais dheonach leis an nGigeamhonarcha IS sin a chumhdach, go hiomlán nó go páirteach. Tá an ranníocaíocht sin le bainistiú agus le heisíoc ag an gComhghnóthas ar bhonn comhaontú riaracháin idir an Ballstát agus an Comhghnóthas. I gcás ina roghnóidh Bord Rialaithe an Chomhghnóthais an Ghigeamhonarcha IS sin ina dhiaidh sin lena chistiú, déanfar an cistiú a chomhlánú le cistiú ón Aontas mar a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcás nach roghnaítear an Ghigeamhonarcha IS lena dtacaíonn an Ballstát, ba cheart an méid a leithdháileadh faoi bhainistiú an Chomhghnóthais ar an nGigeamhonarcha IS sin nó ar infheistíocht eile i réimse na hintleachta saorga agus/nó na dteicneolaíochtaí candamacha gan ranníocaíocht ón Aontas, agus arna sainaithint ag an mBallstát ina Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

6 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 057 18.2.2021, lch. 17).

(12a) Chun dlús a chur le forbairt aon bhonneagar straitéiseach, mar atá Ríomhairí Ardfheidhmíochta, monarchana IS nó Ríomhairí Candamacha ar fud an Aontais, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na leithdháiltí STAanna atá fós acu a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar a ranníocaíochtaí náisiúnta le monarchana IS, Ríomhairí Ardfheidhmíochta nó Ríomhairí Candamacha nó infheistíocht eile arna sainaithint ag an mBallstát i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus a bhaineann le cuspóirí an Chomhghnóthais. Chuige sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit ranníocaíochtaí airgeadais a chur ar fáil don Chomhghnóthas a dhéanfaidh na cistí sin a bhainistiú agus a eisíoc ar bhonn comhaontú riaracháin leis an mBallstát.

(12aa) Ach a mbeidh comhaontú riaracháin STA sínithe agus cistí ainmnithe STA aistrithe go hiomlán agus go neamh-inchúlghairthe chuig an gComhghnóthas aige faoin 31 Lúnasa 2026 ar a dhéanaí, measfar go mbeidh an sprioc-am crua a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/241 comhlíonta ag an mBallstát. Leis an sásra sin, sholáthrófaí modh solúbtha slán do na Ballstáit chun acmhainní suntasacha náisiúnta a ghealladh agus a dhíriú, go háirithe ón STA, chun tacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann le Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta, IS, teicneolaíochtaí candamacha agus gníomhaíochtaí digiteála.

(12b) Tá bonneagair seirbhísí agus sonraí le haghaidh na hintleacht saorga, na Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta agus na ríomhaireachta candamaí fíor-riachtanach chun taighde eolaíoch agus feidhmchláir thionsclaíocha nuálacha a chur chun cinn ar fud an Aontais. Chomh maith le hinfheistíochtaí comhpháirteacha i mbonneagair agus in éiceachórais faoin gComhghnóthas, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as cistí ó chláir a chómhaoinítear le cistí struchtúracha agus réigiúnacha, leis an STA, nó le cláir náisiúnta chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair seirbhísí agus sonraí nua, ardfhorbartha agus úrscothacha le haghaidh na hintleachta saorga, na ríomhaireachta ardfheidhmíochta nó na ríomhaireachta candamaí, arna bhfáil agus arna n-oibriú ar a chríoch. Le líonrú agus cónascadh leathan na n-ardbhonneagar poiblí náisiúnta sin i réimse na hintleachta saorga agus na seirbhísí ríomhaireachta agus sonraí ar leibhéal an Aontais, cruthófar seirbhísí agus bonneagair agus éiceachórais sonraí IS, ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus ríomhaireachta candamaí den chéad scoth san Aontas a bheidh comhtháite, cónasctha, slán agus hipearnasctha lena gcuirfear barr feabhais eolaíoch chun cinn, lena gcothófar forbairt nuálach feidhmchlár, agus lena meallfar daoine tréitheacha, lena soláthrófar tairbhí do líon mór daoine sa bhreis ar úsáideoirí na mBallstát. Cé nach rannchuidíonn sé lena maoiniú, is féidir leis an gComhghnóthas idirnascadh agus cónascadh na n-ardbhonneagar poiblí náisiúnta sin leis na cinn atá ar leibhéal an Aontais a éascú, ar choinníoll go n-iarrann Ballstáit leasmhara é sin agus go dtugann siad údar cuí leis. Bhronnfadh an Comhghnóthas 'Séala EuroHPC agus Bonneagar Ríomhaireachta' ar na bonneagair phoiblí náisiúnta sin agus d'áiritheodh sé go ndéanfaí iad a líonrú agus a chónascadh le líonra monarchana IS agus ríomhairí candamacha.

(12c) Chun aghaidh a thabhairt ar éileamh na n-úsáideoirí ar acmhainní ríomhaireachta IS, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann méid comhaontaithe ama rochtana a thabhairt don Chomhghnóthas ar na bonneagair náisiúnta phoiblí sin i réimse IS, na ríomhaireachta ardfheidhmíochta nó na ríomhaireachta candamaí ar bronnadh Séala EuroHPC um Intleacht Shaorga agus Bonneagar Ríomhaireachta orthu.

(12d) Chun aghaidh a thabhairt ar éileamh síormhéadaitheach na n-úsáideoirí ar shaoráidí ríomhaireachta IS, féadfaidh na Ballstáit am rochtana a thabhairt don Chomhghnóthas ar cheann amháin nó níos mó de na Monarchana IS atá acu faoi EuroHPC nó na Gigeamhonarchana IS atá ar fáil, is é sin, nach bhfuil geallta cheana féin. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit sciar réasúnta d'aga rochtana a thabhairt don Chomhghnóthas ar bhonn deonach ar na Monarchana IS atá acu faoi EuroHPC nó na Gigeamhonarchana IS atá acu chun go dtabharfaidh an Comhghnóthas aghaidh ar éileamh na n-úsáideoirí. Bainfear úsáid as an aga rochtana sin go príomha chun rochtain a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna le haghaidh a ngníomhaíochtaí taighde nó nuálaíochta. Níor cheart an soláthar aga rochtana sin a chur san áireamh mar ranníocaíocht airgeadais nó chomhchineáil an Bhallstáit leis an gComhghnóthas.

(13) Ba cheart ranníocaíochtaí breise ón Aontas le Gigeamhonarchana IS ó chláir eile, nach liostaítear in Airteagal 5(1), a bheith indéanta freisin, trí chomhaontuithe ranníocaíochta sonracha *ad hoc* a shíniú, faoi réir ranníocaíocht chomhchuimseach ó chomhalta amháin nó níos mó den Chomhghnóthas seachas an tAontas.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear pointe (3c) seo a leanas leis:

(3c) Ciallaíonn 'Gigeamhonarcha na hIntleachta Saorga' nó 'Gigeamhonarcha IS' saoráid úrscothach mhórscála a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aici chun láimhseáil a dhéanamh ar shaolré iomlán – ón bhforbairt go dtí tuiscint ar mórscála – samhlacha agus feidhmchláir intleachta saorga an-mhór, lena soláthraítear bonneagar seirbhíse sár-ríomhaireachta, atá comhdhéanta d'acmhainneacht ríomhaireachta arna barrfheabhsú leis an intleacht shaorga, bonneagar lárionaid sonraí tacaíochta (lena n-áirítear stóráil agus líonrú ardtoillte), timpeallachtaí tiomnaithe slána rochtana d'úsáideoirí néalríomhaireachta, agus seirbhísí tacaíochta slána speisialaithe atá dírithe ar IS dá chuid oibríochtaí ardfhorbartha agus a dtacaíonn bonneagair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de leo, go háirithe le haghaidh córas soláthair fuinnimh agus uisce.

(b) cuirtear pointe (3d) seo a leanas leis:

(3d) ‘Ciallaíonn ‘Cuibhreannas Gigeamhonarchan na hIntleachta Saorga’ nó ‘Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS’ comhlachas eintiteas dlítheanach incháilithe a thagann le chéile i gcuibhreannas agus atá faoi cheangal comhaontú cuibhreannais arb é is cuspóir dó Gigeamhonarcha IS a bhunú agus a oibriú agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na n-eintiteas sin faoi seach ar feadh saolré na Gigeamhonarchan IS, nó eintiteas dlíthiúil nua arna bhunú chun Gigeamhonarcha IS a bhunú agus a oibriú. Bunófar Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS go cuí san Aontas go ceann íostréimhse 5 bliana. Féadfaidh comhpháirtí príobháideach amháin nó níos mó den chuibhreannas sin a bheith rannpháirteach i gComhaltaí Príobháideacha an Chomhghnóthais.

(c) cuirtear an pointe (3e) seo a leanas leis:

(3e) ciallaíonn ‘Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS’ eintiteas dlítheanach, atá ionchorpraithe go cuí san Aontas agus atá ann go bailí faoi dhlíthe Ballstáit bunaíochta, atá údaraithe de réir dlí ionadaíocht a dhéanamh ar Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS agus a bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil agus an t-údarás dlíthiúil aige Comhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS a dhéanamh, a fhorghníomhú agus a fheidhmiú; beidh ceanncheathrú ag an gComhordaitheoir Gigeamhonarchan IS san Aontas agus beidh sé faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, trí leas úinéireachta nó trí mhodhanna eile, mar a shainmhínítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 2024/1624 agus i bprionsabail ábhartha dhlí iomaíochta an Aontais, ar eintitis dhlítheanacha nó ar dhaoine nádúrtha atá bunaithe laistigh den Aontas. Féadfaidh an comhordaitheoir a bheith ina eintiteas óstach atá ann cheana a dhéanann ionadaíocht ar Stát Rannpháirteach ar Ballstát nó cuibhreannas óstála de Stáit Rannpháirteacha é.

(d) cuirtear an pointe (3f) seo a leanas leis:

(3f) ciallaíonn ‘Comhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS’ comhaontú idir an Comhghnóthas agus Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS chun Gigeamhonarcha IS a óstáil agus a oibriú.

(e) cuirtear an pointe (3g) seo a leanas leis:

(3g) ciallaíonn ‘eintiteas óstála Gigeamhonarchan IS’ eintiteas dlítheanach atá ainmnithe ag Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS chun Monarchana IS agus a seirbhísí a óstáil agus a oibriú, agus atá bunaithe i Stát Rannpháirteach ar Ballstát é.

(f) cuirtear an pointe (3h) seo a leanas leis:

(3h) ‘Is comhaontú idir an Comhghnóthas agus tríú tír é ‘Comhaontú Comhair maidir le Gigeamhonarchana Intleachta Saorga’ idir an Comhghnóthas agus tríú tír lena sonraítear cáilitheacht rannpháirtíochta i gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS agus rochtain úsáideora ar Ghigeamhonarchana IS le haghaidh na n-eintiteas dlítheanach atá faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, trí leas úinéireachta nó trí mhodhanna eile, eintiteas dlítheanach nó daoine nádúrtha atá bunaithe sa tríú tír sin.

(fa) cuirtear pointe (3i) seo a leanas leis:

(3i) is Gigeamhonarcha IS í ‘Gigeamhonarcha IS tíre aonair il-láithreán’ a úsáidtear i mbreis is suíomh fisiciúil amháin atá lonnaithe laistigh de chríoch Ballstáit amháin.

(fb) cuirtear pointe (3j) seo a leanas leis:

(3j) is Gigeamhonarcha IS í ‘Gigeamhonarcha IS iltíre il-láithreán’ a úsáidtear i mbreis agus suíomh fisiciúil amháin atá lonnaithe i gcríocha Ballstát éagsúil.

(g) cuirtear an pointe (19a) seo a leanas leis:

(19a) ciallaíonn ‘Lárionad Inniúlachta Candamaí Náisiúnta’ eintiteas dlítheanach, nó cuibhreannas eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i Stát Rannpháirteach, a sholáthraíonn d’úsáideoirí ón tionscal, lena n-áirítear FBManna, an lucht acadúil agus eagraíochtaí déanta taighde, agus riaracháin phoiblí rochtain ar éileamh ar theicneolaíochtaí, uirlisí, feidhmchláir agus seirbhísí candamacha, chomh maith le bonneagair chandamacha náisiúnta nó Eorpacha, agus a thairgeann saineolas, scileanna, oiliúint, líonrú agus for-rochtain.

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. Beidh sé mar mhisean ag an gComhghnóthas seirbhís sár-ríomhaireachta agus ríomhaireachta candamaí agus éiceachóras bonneagar sonraí den chéad scoth a bheidh cónasctha, slán, idir-inoibritheach agus hipearnasctha a fhorbairt, a úsáid, a leathnú agus a chothú san Aontas. Tacóidh sé le forbairt agus glacadh córas sár-ríomhaireachta nuálach iomaíoch atá dírithe ar éileamh agus faoi stiúir an úsáideora agus teicneolaíochtaí agus córas candamach agus le forbairt raon leathan feidhmchlár atá barrfheabhsaithe le haghaidh na gcóras sin. Ba cheart é sin a bheith bunaithe a mhéid is féidir ar shlabhra soláthair Eorpach chun an riosca suaite agus spleáchais a theorannú agus chun uathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a threisiú, agus úsáid na gcomhpháirteanna, na dteicneolaíochtaí agus an eolais is fearr á háirithiú ag an am céanna. Thairis sin, déanfaidh sé úsáid an bhonneagair sár-ríomhaireachta sin a leathnú chuig líon mór úsáideoirí poiblí agus príobháideacha agus tacú leis an dá aistriú agus le príomhscileanna a fhorbairt do lucht saothair na hEorpa san eolaíocht agus sa tionsclaíocht.

(b) Cuirtear an pointe (fa) seo a leanas le mír 2:

(fa) tacú le taighde agus nuálaíocht bhunúsach fheidhmeach úrscothach i dteicneolaíochtaí candamacha, lena n-aistriú ón tsaotharlann go dtí an mhonarcha, agus lena gcur in úsáid, lena nglacadh agus lena gcomhtháthú i mbonneagair chandamacha den chéad scoth, chun éiceachóras candamach dinimiciúil, nuálach, inbhuanaithe agus athléimneach a thógáil ar fud an Aontais, agus chun ceannaireacht eolaíoch agus thionsclaíoch, iomaíochas, uathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais sa ríomhaireacht chandamach, sa chumarsáid chandamach agus sa bhrath candamach a áirithiú.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h) i mír 2:

(h) monarchana IS a fhorbairt agus a oibriú, agus tacú le bunú Gigeamhonarchana IS agus a seirbhísí, agus rochtain orthu, chun éiceachóras IS dinimiciúil, nuálach, inbhuanaithe agus athléimneach a thógáil ar fud an Aontais, agus ceannaireacht eolaíoch agus thionsclaíoch a áirithiú.

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

3. Rannchuideoidh an Comhghnóthas le leasanna an Aontais a chosaint nuair a bheidh sár-ríomhairí á soláthar agus tacóidh sé le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí, córais agus feidhmchláir i réimse na ríomhaireachta ardfheidhmíochta, IS, agus na ríomhaireachta candamaí. Cumasóidh sé cur chuige comhdhearaidh chun sár-ríomhairí den chéad scoth a fháil, agus tabharfaidh sé cosaint ag an am céanna do shlándáil shlabhra soláthair na dteicneolaíochtaí agus na gcóras a gheofar. Rannchuideoidh sé le huathriail straitéiseach an Aontais, agus geilleagar oscailte san Aontas á chaomhnú aige ag an am céanna, tacóidh sé le forbairt teicneolaíochtaí agus feidhmchlár a threisíonn slabhraí soláthair teicneolaíochtaí i réimse na ríomhaireachta ardfheidhmíochta, IS agus na ríomhaireachta candamaí san Eoraip agus cuirfidh sé chun cinn a gcomhtháthú i gcórais a thugann aghaidh ar líon mór riachtanas eolaíochta, sochaíoch, comhshaoil, tionsclaíoch agus úsáide slándála.

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (i) seo a leanas le mír 1:

(i) colún Gigeamhonarchan IS, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí Gigeamhonarchana IS, a d'fhéadfadh, ina bhfeidhmiú, a bheith nasctha le líonra EuroHPC de Mhonarchana Intleachta Saorga chun comhtháthú, tacaíocht d'úsáideoirí agus comhroinnt eolais réidh a áirithiú ar fud éiceachóras Eorpach na hIntleachta Saorga; áireofar sa cholún seo na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) bonneagar ríomhaireachta IS den chéad scoth a chur ar fáil do thaighdeoirí, fiontraithe, tionscail, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, agus earnálacha poiblí san Eoraip,

(ii) forbairt réiteach IS nua a chumasú ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha uile, lena n-áirítear forbairt bunsamhlacha, agus

(iii) iomaíochas agus ceannasacht an Aontais mar mhór-roinn IS a áirithiú.

(b) cuirtear an pointe (j) seo a leanas le mír 1:

(j) colún na dteicneolaíochtaí candamacha, lena dtugtar aghaidh ar an éiceachóras candamach iomlán agus ar réimsí feidhme na ríomhaireachta candamaí agus an ionsamhlúcháin chandamaigh, na cumarsáide candamaí, agus an bhraite agus na méadreolaíochta candamaí, lena n-áirithítear slándáil agus athléimneacht an tslabhra soláthair candamaigh agus a theicneolaíochtaí cumasúcháin. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí aghaidh, *inter alia*, ar an méid seo a leanas:

(i) Taighde agus Nuálaíocht Eolaíoch agus Theicneolaíoch: Sármhaitheas taighde a chur chun cinn i réimsí na heolaíochta candamaí agus na teicneolaíochta candamaí.

(ii) Aistriú ón tsaotharlann go dtí an mhonarcha agus forbairt an éiceachórais: Tacú le bonneagair chandamacha úrscothacha a fhorbairt agus a chur in úsáid; tionsclú teicneolaíochtaí candamacha a chothú trí thacú le glacadh feidhmchlár candamach i bpríomhearnálacha poiblí agus tionsclaíocha, lena n-áiritheofar go n-aistreofar dul chun cinn ar fud na réimsí candamacha go fíorfheidhmeanna, lena n-áirítear príomh-mhargaí a fhorbairt; caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus, tacú le forbairt agus líonrú lárionad náisiúnta inniúlachta candamaí ar fud na hEorpa.

(iia) Dlús a chur le forbairt agus oibríochtú córas ríomhaireachta candamaí atá lochtlamhálach agus atá ag brath ar bhearta poiblí chun tacú le héiceachóras candamach agus slabhra soláthair Eorpach atá iomaíoch agus bunaithe ar theicneolaíochtaí a dhéantar agus a dheartar san Eoraip.

(iii) Scileanna agus Tallann: Lucht saothair innealtóireachta agus taighde chandamaigh iomaíoch agus cuimsitheach a fhorbairt trí thionscnaimh chomhordaithe oideachais, oiliúna agus soghluaisteachta, ar fud príomhdhisciplíní agus príomhréimsí teicniúla a bhaineann le candam.

(iv) Comhar idirnáisiúnta: Comhar idirnáisiúnta a fhorbairt i dteicneolaíochtaí candamacha chun dúshláin dhomhanda eolaíocha agus shochaíocha a réiteach, i gcomhréir le cuspóirí beartais sheachtraigh agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. Suas le EUR 4 122 300 000 a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais ón Aontas leis an gComhghnóthas lena n-áirítear leithreasuithe LEE, agus suas le EUR 92 000 000 de dírithe ar chostas riaracháin, ar choinníoll go ndéanfar an méid sin a mheaitseáil ar a laghad le ranníocaíocht na Stát Rannpháirteach, agus is mar seo a leanas a leithdháilfear í go táscach:

(a) suas le EUR 1 660 000 000 ón gclár Fís Eorpach, lena n-áirítear EUR 160 000 000 chun gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta Candamacha a chur chun feidhme mar a shainítear in Airteagal 4(1)j agus i gcomhréir le hAirteagal 34(1) agus (2)

(b) suas le EUR 2 142 300 000 ón gClár don Eoraip Dhigiteach

(c) suas le EUR 320 000 000 ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Féadfaidh cistí breise ón gclár Fís Eorpach, ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ranníocaíocht an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chomhlánú, ar choinníoll go ndéanfar na méideanna breise a mheaitseáil ar a laghad le ranníocaíocht comhalta amháin nó níos mó den Chomhghnóthas seachas an tAontas. Ní chuirfear na cistí breise sin san áireamh agus ranníocaíocht uasta airgeadais an Aontais á ríomh.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

3. Féadfar cistí breise ó aon chlár de chuid an Aontais seachas, agus lena gcomhlánaítear, na cinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin a leithdháileadh ar an gComhghnóthas chun tacú lena gcolúin gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, seachas na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 4(1) fomhír (a). Ní chuirfear na cistí breise sin san áireamh agus ranníocaíocht uasta airgeadais an Aontais á ríomh.

(c) Cuirtear pointe nua (a) le mír 4:

(a) Maidir leis na ranníocaíochtaí a chuirtear ar iontaoibh an Chomhghnóthais i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, tá ceanglais Airteagal 158 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 infheidhme. Nuair a bhaineann na ranníocaíochtaí breise sin ón Aontas leis an gcolún dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(i), déanfaidh comhalta amháin nó níos mó seachas an tAontas ranníocaíochtaí breise a bheidh i gcomhréir le méid na ranníocaíochtaí ón Aontas.

(d) scriostar mír 6.

(e) scriostar mír 7.

(f) scriostar mír 8.

(5) Cuirtear isteach an tAirteagal 12b seo a leanas:

‘Airteagal 12b’

Gigeamhonarcha na hIntleachta Saorga

1. Beidh Gigeamhonarcha IS lonnaithe i Stát Rannpháirteach ar Ballstát é. Gheobhaidh sí tacaíocht airgeadais ó chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Stát Rannpháirteach amháin nó níos mó, a ndéantar ionadaíocht air tríd an gComhghnóthas, agus ó Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS, a bhféadfadh soláthróir bonneagair teicneolaíochta amháin nó níos mó a bheith san áireamh ann, a ndéanfaidh Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS ionadaíocht air nó orthu. Is i bhfoirm Comhaontú Óstach atá an chomhpháirtíocht sin idir an Comhghnóthas agus Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS. Déanfaidh gach Stát Rannpháirteach den chomhpháirtíocht Gigeamhonarchan IS comhaontú riaracháin a thabhairt i gcrích leis an gComhghnóthas lena leagfar síos an sásra comhordúcháin chun ranníocaíochtaí a íoc le hiarratasóirí atá bunaithe sa Stát Rannpháirteach sin agus chun tuairisc a thabhairt ina leith. Áireofar sa chomhaontú sin an t-aga rochtana a comhaontaíodh don Stát Rannpháirteach, an sceideal, na coinníollacha íocaíochta, na ceanglais tuairiscithe agus iniúchóireachta.

1a. Beidh Gigeamhonarchana IS il-láithreáin á n-oibriú ag Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS aonair agus feidhmeoidh siad mar eintiteas teicniúil comhtháite. Déanfar láithreáin as a gcomhdhéantar Gigeamhonarcha IS il-láithreáin a idirnascadh le líonraí ard-bhandaleithid fíor-ardluais. I nGigeamhonarcha IS tíre aonair il-láithreáin, comhlíonfaidh láithreán comhpháirteach amháin ar a laghad scála Gigeamhonarchan IS. Beidh Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS iltíre il-láithreáin comhdhéanta d'eintiteas óstach amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit óstaigh; comhlíonfaidh láithreán comhpháirteach amháin ar a laghad ó na Ballstáit rannpháirteacha scála Gigeamhonarchan IS. Beidh gach eintiteas óstach de Ghigeamhonarcha IS il-láithreáin freagrach go leithleach i leith an Aontais as an ranníocaíocht ón Aontas a fhaigheann sé. Sonrófar sa chomhaontú iltíre-il-láithreán maidir le Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS na leithdháiltí dliteanais idir eintitis óstacha, chomh maith le freagrachtaí teicniúla, oibríochtúla, rialála agus airgeadais gach eintitis óstaigh.

2. Féadfaidh rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach ó Stáit Neamh-Rannpháirteacha i gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS a bheith faoi réir srianta nó eisiaimh i gcás ina meastar go bhfuil an rannpháirtíocht sin contrártha do shócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695, Rialachán (AE) 2021/694 agus Rialachán (AE) 2021/1153, leis an nglao ar léiriú spéise chun Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS a roghnú, déanfar rannpháirtíocht sa Chuibhreannas sin a theorannú d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Stáit Rannpháirteacha amháin nó d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe den Chlár Réime Fís Eorpach, den Chlár don Eoraip Dhigiteach agus d'aon chlár cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais ina dhiaidh sin, nó do thríú tíortha eile sa bhreis ar Stáit Rannpháirteacha nach sáraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát. I bprionsabal, ní bheidh feidhm ag na srianta agus na heisiaimh dá dtagraítear sa mhír seo maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tíortha a bhfuil Comhaontú Comhair maidir le Gigeamhonarcha IS nó comhaontú comhchosúil sínithe acu leis an Aontas. Féadfar a shonrú sa ghlao ar léiriú spéise maidir le Gigeamhonarcha IS a roghnú go bhféadfaidh eintitis dhlítheanacha i dtríú tíortha eile a bheith incháilithe ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais atá le comhlíonadh ag na heintitis dhlítheanacha sin chun cosaint leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát a ráthú agus chun cosaint na faisnéise rúnaicmithe a áirithiú. Is sa chlár oibre a leagfar amach na ceanglais sin.

3. Roghnófar Gigeamhonarchana IS bunaithe ar sholáthar comhpháirteach idir an Comhghnóthas agus údarás conarthach amháin nó níos mó ó na Stáit Rannpháirteacha. Bainfidh Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS tairbhe as gealltanas sainráite ón mBallstát a tugadh don Chomhghnóthas a sciar den Ghigeamhonarcha IS atá le bunú i gcríoch an Bhallstáit sin a mhaoiniú agus tar éis a roghnaithe i gcomhréir le mír 14. Tabharfaidh an Ballstát an gealltanas sin sula seolfar an glao ar léiriú spéise.

4. Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear in Airteagal 5, cumhdófar suas le 17 % de na hinfheistíochtaí caiteachais chaipitiúil i mbonneagar ríomhaireachta foriomlán na Gigeamhonarchan IS. De rogha air sin, féadfar ranníocaíocht an Aontais a dhéanamh i bhfoirm ceannach ráthaithe réamhaontaithe aga rochtana ar Ghigeamhonarcha IS a bhfuil a luach coibhéiseach le suas le 17 % de chaiteachas caipitiúil bhonneagar ríomhaireachta foriomlán na Gigeamhonarchan IS. Ba cheart do Stát Rannpháirteach amháin nó níos mó ranníocaíocht a thabhairt atá ar cóimhéid ar a laghad le ranníocaíocht an Aontais. Is é an Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS a chumhdóidh an chuid eile den infheistíocht chomh maith le caiteachas oibríochtúil na Gigeamhonarchan IS. I gcás Gigeamhonarchana IS tíre aonair il-láithreáin, féadfar ranníocaíocht iomlán an Aontais, mar aon leis na cearta rochtana ríofa comhfhreagracha, a leithdháileadh ar an suíomh is mó. I gcás Gigeamhonarchana IS iltíre il-láithreáin, féadfar ranníocaíocht an Aontais a leithdháileadh ar Ghigeamhonarchana IS a chomhlíonann an scála is gá agus ar Ghigeamhonarcha IS amháin in aghaidh gach Ballstáit rannpháirtigh.

5. D'fhéadfaí méadú substaintiúil a dhéanamh ar Mhonarcha IS roghnaithe chun Gigeamhonarcha IS a dhéanamh di. Sa chás sin, déanfar an tacaíocht airgeadais a thug an tAontas cheana don Mhonarcha IS sin a áireamh mar chuid de ranníocaíocht an Aontais leis an gcaiteachas caipitiúil le haghaidh bhonneagar ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS. Tá feidhm ag na forálacha céanna maidir leis na Stáit Rannpháirteacha. Déanfar an comhaontú óstála Monarchan IS dá dtagraítear in Airteagal 10 a mhodhnú dá réir, i gcás inarb iomchuí. Is é an Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS a chumhdóidh an infheistíocht bhreise sa Mhonarcha IS a bhfuil sé beartaithe Gigeamhonarcha IS a dhéanamh di, chomh maith le caiteachas oibríochtúil na Gigeamhonarchan IS.

6. Féadfaidh Ballstát a chuid ranníocaíochtaí le haghaidh Gigeamhonarcha IS a sholáthar go díreach trí shásraí cistiúcháin náisiúnta nó go hindíreach trí fhoinsí eile. Féadfaidh Ballstát, trí bhíthin comhaontú riaracháin leis an gComhghnóthas, a chuid ranníocaíochtaí féin, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, agus aon ranníocaíochtaí breise, ina n-iomláine nó i bpáirt, a chur tríd an gComhghnóthas, a dhéanfaidh na cistí sin a bhainistiú agus a eisíoc thar ceann an Bhallstáit chuig an nGigeamhonarcha IS a sainaithníodh. Féadfaidh an ranníocaíocht dheonach airgeadais a bheith comhdhéanta, ina hiomláine nó i bpáirt, de chistí arna bhfáil ag Ballstát faoi Rialachán (AE) 2021/241 agus/nó Rialachán (AE) 2021/1060.

6a. Féadfaidh Ballstát a chinneadh cuid den ranníocaíocht airgeadais arna fáil aige faoi Rialachán (AE) 2021/241 ('leithdháiltí STA') a leithdháileadh chun a ranníocaíocht dheonach airgeadais le Gigeamhonarcha IS a mhaoiniú, ina hiomláine nó i bpáirt, i gcomhréir le hAirteagal 12b(6), lena n-áirítear chun a ranníocaíocht a chumhdach i gcás nach roghnaítear an Ghigeamhonarchana IS le haghaidh cistiú ón Aontas. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin na leithdháiltí STA atá fágtha acu a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar a ranníocaíochtaí náisiúnta le monarchana IS, le sár-ríomhairí nó ríomhairí candamacha nó le hinfheistíocht eile san intleacht shaorga, i dteicneolaíochtaí candamacha nó sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta, ar ranníocaíochtaí iad a bhaineann le cuspóirí Comhghnóthais arna sainaithint ag an mBallstát sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Déanfaidh na Ballstáit na ranníocaíochtaí sin a chur tríd an gComhghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 12b(6). Ach a mbeidh comhaontú ranníocaíochta sínithe agus cistí ainmnithe STA aistrithe go hiomlán agus go neamh-inchúlghairthe chuig an gComhghnóthas aige faoin 31 Lúnasa 2026 ar a dhéanaí, measfar go mbeidh an sprioc-am crua a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/241 comhlíonta ag an mBallstát.

6b. Féadfaidh Ballstát a chinneadh cuid den ranníocaíocht airgeadais arna fáil aige faoi Rialachán (AE) 2021/241, faoi Rialachán (AE) 2021/1060 nó faoi chlár cistiúcháin eile a leithdháileadh chun maoiniú a dhéanamh ar bhonneagair seirbhísí agus sonraí nua, ardfhorbartha agus úrscothacha le haghaidh na hintleachta saorga, na ríomhaireachta ardfheidhmíochta nó na ríomhaireachta candamaí, arna bhfáil agus arna n-oibriú ar a chríoch. Féadfaidh an Ballstát sin, trí bhíthin comhaontú riaracháin leis an gComhghnóthas, na hinfheistíochtaí sin a chur tríd an gComhghnóthas, a dhéanfaidh na cistí sin a bhainistiú agus a eisíoc thar a cheann chuig an infheistíocht a sainaithníodh. Ach a mbeidh comhaontú ranníocaíochta sínithe agus cistí ainmnithe STA aistrithe go hiomlán agus go neamh-inchúlghairthe chuig an gComhghnóthas aige faoin 31 Lúnasa 2026 ar a dhéanaí, measfar go mbeidh an sprioc-am crua a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/241 comhlíonta ag an mBallstát.

Arna iarraidh sin don Bhallstát, dámhfaidh an Comhghnóthas Séala EuroHPC um Intleacht Shaorga agus Bonneagar Ríomhaireachta don tsaoráid bhonneagair ardfhorbartha úrscothach sin, ar an gcoinníoll go mbeidh leibhéal feidhmíochta bainte amach aici atá coibhéiseach ar a laghad le haon cheann de shár-ríomhairí seanbhunaithe EuroHPC, lena n-áirítear Monarchana IS.

Na bonneagair sin dar dámhadh Séala EuroHPC um Intleacht Shaorga agus Bonneagar Ríomhaireachta, déanfaidh an Comhghnóthas iad a chónascadh agus a líonrú le bonneagair IS, ríomhaireachta nó chandamacha EuroHPC, de réir mar is iomchuí.

Féadfaidh an Ballstát cinneadh a dhéanamh aga rochtana áirithe a thabhairt don Chomhghnóthas ina mbeidh rochtain aige ar na bonneagair arna gcistiú i gcomhréir leis an mír seo. Ní chuirfear na ranníocaíochtaí sin san áireamh agus an ranníocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 5(1) á ríomh. An t-aga rochtana sin arna thabhairt ag an mBallstát, déanfaidh an Comhghnóthas é a bhainistiú mar chuid d’aga rochtana an Aontais.

6c. Féadfaidh na Ballstáit aga rochtana a sholáthar don Chomhghnóthas ar cheann amháin nó níos mó dá sár-ríomhairí EuroHPC, dá Monarchana IS nó dá nGigeamhonarchana IS trí shocrú riaracháin, lena saineofar sciar an aga rochtana a dheonaítear agus fad an ama sin. Beidh an t-aga rochtana ina aga rochtana de chuid an Aontais agus bainfear úsáid as go príomha chun rochtain a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna le haghaidh a ngníomhaíochtaí taighde nó nuálaíochta. Ní chuirfear an méid sin san áireamh mar ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Ballstáit.

6d. An t-aga rochtana sin a thabharfar don Aontas i dtaca le ceann amháin nó níos mó de Mhonarchana IS EuroHPC nó de Ghigeamhonarchana IS EuroHPC, féadfar é a úsáid chun rochtain in aisce a thabhairt ar na tionscadail Eorpacha sin lena bhforbraítear samhlacha oscailte ceannródaíocha IS a chuireann go mór leis an nuálaíocht, agus roghnófar iad sin trí chomórtas oscailte uile-Aontais arna eagrú ag an gComhghnóthas. Cuirfear na samhlacha oscailte sin ar fáil go forleathan d'údaráis phoiblí ar fud na hEorpa agus do phobail eolaíochta agus ghnó na hEorpa. Féadfaidh na Ballstáit an iarracht sin a chomhlánú trí aga rochtana breise a thabhairt don Chomhghnóthas le haghaidh na dtionscadal sin lena mbaineann breisluach Eorpach. Ní chuirfear an méid sin san áireamh mar ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Ballstáit.

7. Beidh úinéireacht ag an gComhghnóthas ar an gcuid sin de bhonneagar ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS a fhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis an gcaiteachas caipitiúil, arna sonrú i míreanna 4 agus 5, ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad, ón tráth a chuirfear tús le hoibríochtaí na Gigeamhonarchan IS agus arna sonrú a thuilleadh sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. De rogha air sin, i gcás ina dtabharfar ranníocaíocht an Aontais i bhfoirm ceannach ráthaithe réamhaontaithe aga rochtana ar Ghigeamhonarcha IS dá dtagraítear i mír 4, is é 5 bliana ar a laghad a bheidh sa tréimhse agus sonrófar a thuilleadh í sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. Sa dá chás, cuirfear síneadh leis an tréimhse sin i gcás ina ndéanfar uasghrádú substaintiúil ar bhonneagar ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS. Gan dochar d'fhoirceannadh an Chomhghnóthais, mar a thagraítear in Airteagal 23(4) de na Reachtanna dó, aistreofar an úinéireacht i gcomhréir leis an gComhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS nó cuirfear síneadh léi ar feadh tréimhse chomhaontaithe faoi choinníollacha arna sonrú sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. I gcás ina ndéanfar an úinéireacht a aistriú chuig an gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS, tiontófar luach iarmharach bhonneagar ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS ina aga rochtana coibhéiseach don Aontas. Mura n-aistrítear an úinéireacht chuig an gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS de réir an Chomhaontaithe Óstála, ach má dhéantar cinneadh maidir le díchoimisiúnú, is é an Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS a íocfaidh na costais ábhartha.

8. Beidh aga rochtana an Aontais agus na Stát Rannpháirteach i nGigeamhonarcha IS i gcomhréir dhíreach lena ranníocaíochtaí airgeadais faoi seach le caiteachas caipitiúil bhonneagar ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS, nó le ceannach ráthaithe réamhaontaithe an aga rochtana ar an nGigeamhonarcha IS.

9. Cinnfidh Bord Rialaithe an Chomhghnóthais:

(a) na coinníollacha a bhaineann le haga rochtana an Aontais i leith na Gigeamhonarchana IS,

(b) rialacha sonracha maidir le coinníollacha na rochtana ar Ghigeamhonarchana IS, a bhaineann le leithdháileadh aga rochtana an Aontais i dtaca le tionscadail agus gníomhaíochtaí a mheastar a bheith straitéiseach don Aontas

(c) rialacha sonracha maidir le coinníollacha na rochtana ar Ghigeamhonarchana IS, a bhaineann le leithdháileadh aga rochtana an Aontais i dtaca le tionscadail agus gníomhaíochtaí a bhaineann le slándáil.

10. Agus coinníollacha aga rochtana an Aontais á gcinneadh de bhun mhír 9, áiritheoidh an Bord Rialaithe an méid a leanas maidir leis an rochtain:

(a) deonófar í d'úsáideoirí atá ina gcónaí, bunaithe nó lonnaithe i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, le Fís Eorpach nó leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa;

(b) beidh sí saor in aisce d'úsáideoirí ó eintitis atá faoi rialú an dlí phoiblí. Beidh sí saor in aisce freisin d'úsáideoirí tionsclaíocha le haghaidh feidhmchláir a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag Fís Eorpach, ag an gClár don Eoraip Dhigiteach, nó ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, chomh maith leo siúd ar bronnadh Séala Barr Feabhais orthu faoin gclár Fís Eorpach nó faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, agus le haghaidh gníomhaíochtaí nuálaíochta príobháideacha FBManna agus gnólachtaí atá i mbun fáis;

(c) cuimseofar léi acmhainní ríomhaireachta forchoimeádta go sonrach le haghaidh tionscadail taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas, lena n-áirithítear infhaighteacht ráthaithe agus tosaíocht sceidealaithe.

11. Déanfaidh an Bord Rialaithe faireachán ar an sciar d'aga rochtana an Aontais le haghaidh na gcineálacha éagsúla úsáideoirí, arna sainmhíniú i bpointe (a) de mhír 10. I gcásanna ina bhfuil éagothroime shuntasach i dtaobh sciartha an aga rochtana atá ag cineálacha éagsúla úsáideoirí i gcomparáid leis an éileamh, déanfaidh sé gníomh ceartaitheach iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime sin.

12. Beidh na ranníocaíochtaí ón Aontas agus ó na Stáit Rannpháirteacha faoi réir coinníollacha lena n-áiritheofar cosaint leasanna straitéiseacha an Aontais. Déanfar na coinníollacha sonracha dá dtagraítear sa mhír seo a leagan síos i gComhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS tiomnaithe. Is le dlí an Aontais a rialófar an Comhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS, agus é á fhorlíonadh, i gcás aon ábhar nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo nó le gníomhartha dlíthiúla eile de chuid an Aontais, le dlí an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas óstála bunaithe. Déanfar an méid a leanas leis an gComhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS:

(a) struchtúr úinéireachta agus rialachais na Gigeamhonarchan IS a leagan amach go mion;

(b) forálacha a áireamh lena n-áiritheofar grinnscrúdú agus rialú éifeachtach comhréireach an Aontais ar an nGigeamhonarcha IS chun sócmhainní, leasanna, uathriail nó slándáil straitéiseach an Aontais a chosaint;

(c) sonrú ar ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais, na Stát Rannpháirteach agus chomhpháirtithe poiblí agus/nó príobháideacha an Chuibhreannais Gigeamhonarchan IS, lena n-áirítear an t-aga rochtana ráthaithe ar an nGigeamhonarcha IS dá dtagraítear i mír 8, de réir mar is iomchuí, agus ar fhad an aga sin;

(d) sonrú, más iomchuí, ar aon leas atá ag an Aontas a eascraíonn as aon infheistíocht de chuid an Aontais a rialaítear le comhaontuithe infheistíochta sonracha idir an Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS agus InvestEU;

(e) na coinníollacha incháilitheachta a leagan amach d’úsáideoirí Gigeamhonarchan IS nach úsáideoirí de chuid an Aontais iad; comhlíonfaidh siad sin na coinníollacha céanna leis na coinníollacha incháilitheachta a shonraítear i mír 2;

(f) na coinníollacha mionsonraithe a leagan amach maidir le rochtain d’úsáideoirí an Aontais agus módúlachtaí cuntasaíochta na n-agaí rochtana ar sheirbhísí na Gigeamhonarchan IS;

(g) cáilíocht na seirbhíse arna tairgeadh d’úsáideoirí an Chomhghnóthais le linn dóibh Gigeamhonarcha IS a oibriú a leagan amach, faoi mar a leagtar síos sa chomhaontú ar leibhéal seirbhíse a áirítear sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS;

(h) na módúlachtaí a leagan amach maidir le fáil, oibriú agus úsáid bhonneagar sonraí agus ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS, lena n-áirítear riachtanais úsáideoirí ón earnáil phoiblí, i gcás inarb iomchuí; i gcás ina n-áirítear soláthróir bonneagair teicneolaíochta amháin nó níos mó sa Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS, áireofar sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS soláthar coimircí feabhsaithe coinbhleachta leasa a bhaineann leis na soláthróirí sin;

(i) na coinníollacha maidir le haistriú na húinéireachta dá dtagraítear i mír 7 a liostú, i gcás inarb iomchuí;

(j) mionsonrú ar an síneadh arna chur leis an úinéireacht nó leis an aga rochtana ceannaithe ráthaithe réamhaontaithe agus ar na coinníollacha céimnithe amach le haghaidh na Gigeamhonarchan IS, i gcás inarb iomchuí;

(k) na coinníollacha dliteanais maidir le hoibriú na Gigeamhonarchan IS a liostú, i gcás inarb iomchuí;

(l) sonrú ar an oibleagáid atá ar eintiteas óstála na Gigeamhonarchan IS tuarascáil iniúchóireachta agus sonraí maidir leis an úsáid a baineadh as aga rochtana an Aontais sa bhliain airgeadais roimhe sin a chur isteach chuig an mBord Rialaithe faoin 31 Eanáir gach bliain;

(m) beidh clásal eadrána iontu, de réir bhrí Airteagal 272 CFAE, lena ndeonaítear dlínse ar gach ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú Óstála do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

13. Áireofar sa Ghigeamhonarcha IS comhlacht rialachais phoiblí atá comhdhéanta d’ionadaithe ón gCoimisiún agus ó na Stáit Rannpháirteacha a sholáthraíonn cistiú poiblí don Ghigeamhonarcha IS shonrach. Déanfar comhdhéanamh agus módúlachtaí oibre an chomhlachta rialachais phoiblí sin a shonrú laistigh de Chomhaontú Óstála Gigamhonarchan IS. Gan dochar do bhainistiú agus neamhspleáchas oibríochtúil an Chuibhreannais Ghigeamhonarchan IS, agus chun ailíniú a áirithiú leis na cuspóirí leasa phoiblí atá mar bhonn taca leis an gcistiú poiblí, beidh gá le formheas sainráite roimh ré ón gcomhlacht rialachais phoiblí ainmnithe i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

(a) aon chomhaontú rochtana atá beartaithe le heintitis ó thríú tíortha a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhair imní maidir le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais;

(b) athruithe substaintiúla ar an struchtúr dlíthiúil agus airgeadais nó ar an rialú dlíthiúil agus airgeadais a imríonn tionchar ar leasanna an Aontais nó ar leasanna na Stát Rannpháirteach, mar shampla athrú ar úinéireacht nó ar rialú deiridh Gigeamhonarchan IS, aon athlonnú sócmhainní criticiúla lasmuigh den Aontas nó mórchinntí maidir le hathstruchtúrú airgeadais;

(c) athrú suntasach ar chuspóir straitéiseach na nGigeamhonarchana IS.

14. Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnóidh Bord Rialaithe an Chomhghnóthais Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS trí phróiseas cothrom trédhearcach, le tacaíocht ó phainéal saineolaithe neamhspleácha agus ó institiúid airgeadais chreidiúnaithe arna ceapadh ag an mBord Rialaithe don mheastóireacht, bunaithe, *inter alia*, ar na critéir seo a leanas:

(a) Meastóireacht theicniúil:

(i) Cuspóirí agus cáilíocht theicniúil an togra

(ii) Cáilíocht an phlean oibre

(iii) Cáilíocht an bhonneagair fhisiciúil, TF agus líonrúcháin

(iiia) Cáilíocht seirbhíse, lena n-áirítear slándáil agus iontaofacht

(iv) Inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht fuinnimh

(v) Taithí agus fios gnó cuibhreannais ar shaoráidí mórscála comhchosúla a bhunú.

(b) Tionchar féideartha:

(i) Tionchar ar éiceachóras IS na hEorpa, lena n-áirítear a iomaíochas agus a linn tallainne

(ii) Breisluach AE, lena n-áirítear rannchuidiú le huathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch.

(c) Féidearthacht airgeadais:

(i) Gealltanas infheistíochta an Chuibhreannais Gigeamhonarchan IS

(ii) Cáilíocht agus inmharthanacht airgeadais na samhla gnó atá beartaithe (lena n-áirítear dícheall cuí atá le déanamh ag an institiúid airgeadais chreidiúnaithe ceaptha).

15. I gcás nach n-áirítear sa Chuibhreannas soláthróir bonneagair teicneolaíochta amháin nó níos mó, roghnóidh an Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS soláthróirí na Gigeamhonarchan IS bunaithe ar shonraíochtaí tairisceana cothroma trédhearcacha lena gcuirfear san áireamh sonraíochtaí ginearálta an chórais, agus go háirithe na ceanglais úsáideora ón earnáil phoiblí, arna soláthar ag an gComhghnóthas sa ghlao ar léiriú spéise agus arna sonrú a thuilleadh sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. Beidh an roghnúchán bunaithe ar chritéir chothroma, oscailte agus thrédhearcacha, agus áiritheofar breisluach Aontais leis freisin agus tabharfar aghaidh ar shlándáil agus athléimneacht an tslabhra soláthair. Comhlíonfaidh na tairgeoirí roghnaithe na coinníollacha incháilitheachta a shonraítear i mír 2.

16. Féadfaidh an Comhghnóthas creatchonarthaí a bhunú chun comhpháirteanna fíor-riachtanacha agus ardéilimh a sholáthar, ar nós ardphróiseálaithe intleachta saorga. Féadfaidh na Cuibhreannais Gigeamhonarchan IS na creatchonarthaí dá dtagraítear sa mhír seo a úsáid chun iad a sholáthar.

(6) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. Gan dochar d'Airteagal 17(9), beidh cead ag úsáideoirí as na hearnálacha poiblí agus príobháideacha úsáid a bhaint as sár-ríomhairí EuroHPC. Seachas na sár-ríomhairí EuroHPC de ghrád tionsclaíoch, úsáidfear sár-ríomhairí EuroHPC go príomha chun críoch taighde agus nuálaíochta a thagann faoi chláir chistiúcháin phoiblí, le haghaidh fheidhmchláir na hearnála poiblí agus le haghaidh gníomhaíochtaí nuálacha príobháideacha FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, i gcás inarb iomchuí.

(6a) Leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

Airteagal 34

Rátaí aisíocaíochta

1. Maidir le gníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú faoin gclár Fís Eorpach, de mhaolú ar Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/695, agus le haghaidh gníomhaíochtaí arna gcistiú faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, féadfaidh Comhghnóthas rátaí aisíocaíochta éagsúla a chur i bhfeidhm le haghaidh cistiú ón Aontais laistigh de ghníomhaíocht i bhfianaise chineál an rannpháirtí, eadhon FBManna, agus chineál na gníomhaíochta. Sonrófar na rátaí aisíocaíochta sa chlár oibre.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus ar Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/695, maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcolún candamach a chistítear faoin gclár Fís Eorpach, léireofar i ngach clár oibre comhpháirt éigeantach lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí indíreacha taighde agus nuálaíochta suas le LUT 5, a chisteoidh an tAontas ag 100 % de na costais incháilithe iomlána.

*Iarscríbhinn*

Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(7) Leasaítear Airteagal 3 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

2. Seolfar aon iarratas ó Bhallstát nó ó thríú tír atá comhlachaithe le Fís Eorpach nó leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ar bhallraíocht sa Chomhghnóthas chuig an mBord Rialaithe. Cuirfidh na tíortha is iarrthóirí glacadh na Reachtanna seo ar fáil i scríbhinn, mar aon le haon fhorálacha eile lena rialaítear feidhmiú an Chomhghnóthais. Míneoidh na hiarrthóirí freisin céard a spreag iad le ballraíocht a iarraidh sa Chomhghnóthas, agus tabharfaidh siad le fios an chaoi a bhfuil a straitéis sár-ríomhaireachta náisiúnta nó teicneolaíochta candamaí ailínithe le cuspóirí an Chomhghnóthais. Déanfaidh an Bord Rialaithe meastóireacht ar an iarratas, ag cur san áireamh ábharthacht agus breisluach féideartha an iarrthóra a mhéid a bhaineann le misean agus cuspóirí an Chomhghnóthais a bhaint amach, agus féadfaidh sé a chinneadh soiléirithe a iarraidh i dtaca leis an iarrthóireacht sula ndéanfar an t-iarratas a fhormhuiniú.

(8) Leasaítear Airteagal 4 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(c) an Bord Comhairleach Tionsclaíochta agus Eolaíochta, comhdhéanta de Ghrúpa Comhairleach Taighde agus Nuálaíochta, den Ghrúpa Comhairleach Bonneagair agus de Ghrúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha.

(9) Leasaítear Airteagal 5 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

(3) Maidir le colún candamach na ngníomhaíochtaí, féadfaidh na Stáit Rannpháirteacha a chinneadh an t-ionadaí céanna a úsáid le haghaidh na gcolún gníomhaíochta eile le cúnamh ó na hionadaithe agus na saineolaithe iomchuí óna n-údaráis inniúla ábhartha i réimse na dteicneolaíochtaí candamacha, nó féadfaidh siad ionadaí breise a cheapadh óna n-údaráis inniúla ábhartha i réimse na dteicneolaíochtaí candamacha.

(10) Leasaítear Airteagal 6 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na míreanna 5a agus 5b seo a leanas:

(5a) I gcomhair na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7(4a) de na Reachtanna seo, seachas pointe (vi), beidh an 50 % de na cearta vótála atá fágtha ag na Stáit Rannpháirteacha ar Ballstáit iad.

Chun críche na míre seo, glacfar cinntí an Bhoird Rialaithe le tromlach cáilithe. Measfar go mbeidh tromlach cáilithe bunaithe má dhéanann sé ionadaíocht thar ceann an Aontais agus 55 % ar a laghad de na Comhaltaí Rannpháirteacha ar Ballstáit iad, comhdhéanta de 65 % ar a laghad de dhaonra iomlán na Stát sin. Chun an daonra a chinneadh, úsáidfear na figiúirí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle.

(5b) Maidir leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7(4a)(vi) de na Reachtanna seo, agus maidir le gach Gigeamhonarcha IS, dáilfear cearta vótála na Stát Rannpháirteach i gcomhréir lena ranníocaíochtaí airgeadais geallta leis an nGigeamhonarcha IS sin go dtí go n-aistreofar a húinéireacht, nó go dtí go ndíolfar nó go ndíchoimisiúnófar í, nó go dtí go rachaidh an conradh in éag le haghaidh ceannach ráthaithe réamhaontaithe aga rochtana ar an nGigeamhonarcha IS dá dtagraítear in Airteagal 12b, mír 4.

Chun críoch na míre seo, glacfar cinntí an Bhoird Rialaithe le tromlach 75 % ar a laghad de gach vóta, lena n-áirítear vótaí na gcomhaltaí atá as láthair.

(b) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(6) I gcomhair na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7(5), 7(5a), 7(6) agus 7(7) de na Reachtanna seo, glacfar cinntí an Bhoird Rialaithe in dhá chéim.

(11) Leasaítear Airteagal 7 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:

(4a) Déanfaidh an Bord Rialaithe na cúraimí seo a leanas a bhaineann leis na Gigeamhonarchana IS dá dtagraítear in Airteagal 12b den Rialachán seo:

(i) an chuid den chlár straitéiseach ilbhliantúil a bhaineann le Gigeamhonarchana IS a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de na Reachtanna seo a phlé agus a ghlacadh;

(ii) an chuid den chlár oibre bliantúil a bhaineann le bunú Gigeamhonarchana IS agus le roghnú na gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS agus na meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas a phlé agus a ghlacadh;

(iii) seoladh glaonna ar léiriú spéise a fhormheas, i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil;

(iv) roghnú na gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS a fhormheas lena mbunófar agus lena n-oibreofar na Gigeamhonarchana IS;

(v) na coinníollacha a bhaineann le haga rochtana an Aontais ar Ghigeamhonarchana IS a chinneadh;

(vi) cinntí a dhéanamh a bhaineann le comhlacht rialachais phoiblí na Gigeamhonarchan IS;

(vii) creatchonarthaí arna mbunú ag an gComhghnóthas a fhormheas chun comhpháirteanna fíor-riachtanacha agus ardéilimh de Ghigeamhonarchana IS a sholáthar.

(b) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

(5a) Maidir le Colún Candamach na ngníomhaíochtaí, tá feidhm ag forálacha Airteagal 7(5) de na Reachtanna seo, cé is moite de ghníomhaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha a fháil agus a oibriú i gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha Airteagal 7(4) de na Reachtanna seo.

(12) Leasaítear Airteagal 10 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

1. Beidh an Bord Comhairleach Tionsclaíochta agus Eolaíochta comhdhéanta de Ghrúpa Comhairleach Taighde agus Nuálaíochta, de Ghrúpa Comhairleach Bonneagair agus de Ghrúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha.

(b) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

(7) Ní bheidh níos mó ná dháréag comhaltaí i nGrúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha, agus is na Comhaltaí Príobháideacha a cheapfaidh suas le seisear díobh, ag cur a gcuid gealltanas i leith an Chomhghnóthais san áireamh, agus ceapfaidh an Bord Rialaithe suas le seisear díobh freisin, i gcomhréir le hAirteagal 7(3)(k) de na Reachtanna seo.

Féadfaidh suas le seisear breathnóirí arna moladh ag Stáit Rannpháirteacha agus arna gceapadh ag an mBord Rialaithe a bheith i nGrúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha.

(13) Cuirtear isteach Airteagal 12a seo a leanas:

Airteagal 12a

*Feidhmiú Ghrúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha*

1. Tiocfaidh Grúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha le chéile ar a laghad faoi dhó in aghaidh na bliana.

2. Féadfaidh Grúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha meithleacha a cheapadh i gcás inar gá sin faoi chomhordú foriomlán ceann amháin nó níos mó dá chuid comhaltaí.

3. Toghfaidh Grúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha a chathaoirleach.

4. Glacfaidh Grúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha a rialacha nós imeachta lena n-áirítear ainmniú na gcomheintiteas a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Ghrúpa Chomhairligh agus fad a n-ainmniúcháin.

(14) Cuirtear isteach Airteagal 14a seo a leanas:

Airteagal 14a

*Cúraimí Ghrúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha*

1. Déanfaidh Grúpa Comhairleach na dTeicneolaíochtaí Candamacha an méid seo a leanas:

(a) a rannchuidiú leis an dréachtchlár straitéiseach ilbhliantúil maidir leis na gníomhaíochtaí teicneolaíochta candamaí agus ábhair ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 18 de na Reachtanna sin a tharraingt suas agus athbhreithniú a dhéanamh air go tráthrialta i gcomhréir le héabhlóid an éilimh eolaíoch, thionsclaíoch agus beartais;

(b) comhairliúcháin phoiblí a eagrú atá oscailte do gach páirtí leasmhar poiblí agus príobháideach a bhfuil leas aige i réimse na dteicneolaíochtaí candamacha, chun iad a chur ar an eolas maidir leis an dréachtchlár straitéiseach ilbhliantúil agus leis na dréachtghníomhaíochtaí gaolmhara sa chuid den chlár oibre a bhaineann le teicneolaíochtaí candamacha, agus aiseolas a bhailiú ina dtaobh.

2. Tabharfaidh an rannchuidiú leis an dréachtchlár straitéiseach ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 1 aghaidh ar an méid seo a leanas:

(a) na tosaíochtaí straitéiseacha maidir le taighde, nuálaíocht, cur in úsáid agus bonneagar chun teicneolaíochtaí candamacha a fhorbairt agus a ghlacadh agus chun iad a chomhtháthú in éiceachóras digiteach na hEorpa, chun tacú le hathléimneacht, uathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais;

(b) gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann i dteicneolaíochtaí candamacha a chuireann le luach agus a bhfuil leas coiteann ag baint leo agus ailíniú le luachanna agus leasanna slándála an Aontais á áirithiú ag an am céanna

(c) tosaíochtaí maidir le hoiliúint, oideachas agus forbairt an lucht saothair chun aghaidh a thabhairt ar phríomhinniúlachtaí agus ar an mbearna scileanna i dteicneolaíochtaí candamacha, lena n-áirítear feasacht ar fheidhmchláir atá íogair ó thaobh na slándála de

(d) bonneagair chandamacha a fháil, a chur in úsáid agus a oibriú, lena n-áirítear idirnascadh agus cónascadh le bonneagair Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta agus le bonneagair dhigiteacha eile ar nós cumarsáid chandamach agus brath candamach;

(e) bearta maidir le forbairt cumais, idir-inoibritheacht, caighdeánú, slándáil i réimse na dteicneolaíochtaí candamacha agus aird ar leith á tabhairt ar rioscaí dé-úsáide agus ar shócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint.

(15) Leasaítear Airteagal 16 den Iarscríbhinn mar a leanas:

Féadfar gealltanais bhuiséadacha an Chomhghnóthais a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Ó mhí Eanáir 2025, ní chumhdófar 20 % ar a laghad de bhuiséad carnach na mblianta iarmharacha le tráthchodanna bliantúla.

*Airteagal* 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*